# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**An Ardteistiméireacht Laidin 2015 Gnáthleibhéal Scéim Mharcála agus Nótaí**

1. **A. [75]**

**Cúig abairt @ 15 mharc an ceann**

Cuirtear an córas pionóis i bhfeidhm mar seo a leanas:

**Mórearráid** = **-3,** i.e. briathar atá fágtha ar lár, dul cainte nó modh atá mícheart ach gan ach aon bhlocphionós
amháin in aghaidh an dula cainte.

**Earráid níos lú** =**-2,** i.e. faí, aimsir, tuiseal atá mícheart, ainmfhocal, aidiacht nó forainm ar lár,
"ut'', "ne", "se", etc.

**Mionearráid** = **-1,** i.e. inscne mhícheart, céim aidiachtaí nó dhobhriathra mhícheart, litriú mícheart nó
earráid foclóra.

**Nó**

1. **B. [75]**
   - (i) Gur thóg na Rómhánaigh suíomh / gur champáil na Rómhánaigh (**7**)
   - (ii) Bhí sé i bhfeighil ar na heilifintí (**5**); agus ar chuid d'fhórsaí an rí (**3**)
   - (iii) Stiúir sé a chuid fear go talamh réidh (**5**); chuaigh sé ar aghaidh go campa Rómhánach (**3**)
   - (iv) Scamall mór deannaigh (**7**)
   - (v) Go raibh an talamh thirim (**4**) á séideadh (ag an ngaoth) (**3**)
   - (vi) Ghabh siad airm (**5**); thóg siad suíomh os comhair an champa (**3**)
   - (vii) Thug siad aghaidh ar a chéile (throid siad) **(8)**
   - (viii) Fad is a shíl siad go dtabharfadh na heilifintí (**4**) cabhair dóibh (**4**)
   - (ix) Chúlaigh siad go sábháilte (**7**) (go dtí an cnoc)
   - (x) Gabhadh ceithre cinn/cuid acu (**4**); maraíodh an chuid eile (go léir) (**3**)

2. **[130]** Cuir Gaeilge ar dhá cheann ar bith de na sleachta A, B, C, D

   - **A.** Sulmo....undis **10/** milia....decem **9**/ editus....noris **10**/ cum....pari **9**/ nec....creatus /qui.....erat **9**/ at....placebant **9**.
   - **B.** vela....aequor **10**/ postquam....terrae **12**/ caelum....pontus **6**/ tum....imber **9**/ noctem....tenebris **10**/ continuo....aequora **10**/ dispersi....vasto **8.**
   - **C.** Treveri....parabant **6**/ iamque....aberant **8**/ cum....cognoscunt **8**/Treveri....constituunt **7**/ Labienus....cognovisset **5**/ sperans....esse **11**/ contra....communit **10**/ erat....transitu **10**.
   - **D.** P. Sestius....severo **12**/ ille....factus est **12**/ reliquos....videri **8**/ Patre....Albini **11**/ Sestius....viris **7**/ ut....esset **8**/ Clara....grata **7**.

3. **[90]**

**A. (i) [60] Cuir Gaeilge air seo**

Utinam....haberetis **7**/ ut....putaretis **9**/ nunc....superarit **12**/ quae....possit **6**/ ego....oportere **7**/ scientiam....felicitatem **5**/ quis....debuit **5**/ qui....est **9**.

**(ii) [30] Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna seo a leanas:**

(a) cérbh **5**; cad **5**
(b) **4**+**3**+**3** (liostaigh na cogaí)
(c) **5**+**5**
(d) (**3**+**2**)+(**3**+**2**)
(e) cérbh **4**; gníomhréim **3+3**

**3 A. (ii) Nótaí Táscacha**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo**

(a) Ba threabhann na bpleibeach é Manilius in 66 R.Ch. Bheartaigh sé gur chóir go mbeadh Poimpéas i gceannas in aghaidh Mithridates.

(b) Cogaí san Afraic, sa Spáinn agus sa Ghaill Thras-Alpach; cogadh na sclábhaithe, an cogadh cabhlaigh; mórán cineálacha difriúla cogaidh in éadan naimhde difriúla.

(c) Thosaigh Mithridates, rí Phontas, ag ionsaí roinnt tíortha in aice láimhe ar leithinis na Crimé agus sa Bhosparais; d'iarr an seanad ar Sulla idirghabháil a dhéanamh; dhíbir sé ainmnitheach Mithridates as an gCapadóic agus cheap sé tacadóir na Róimhe; thosaigh cuid mhór stát ag gearán faoi iompraíocht Mithridates leis an Róimh; cuireadh tús le cogadh tar éis do Mithridates neamhaird a dhéanamh de rabhaidh na Róimhe.

(d) **Tigranes:** rí na hAirméine; phós sé iníon Mithridates; thacaigh sé le Mithridates, rinne sé ionsaí ar an gCapadóic; rinne sé feall ar Mithridates níos faide anonn agus thosaigh sé ag tacú leis an Róimh. **Publicani:** daoine a bhailigh cáin ar son na Róimhe sna cúigí uile; mar gheall ar ghníomhartha Mithridates, ní raibh siad ábalta cánacha a bhailiú sa réigiún ina raibh lámh in uachtar aige; d'éiligh Cicearó gur cheart don Róimh iad a chosaint agus ligean dóibh dul i gceann a gcuid oibre. **Lucullus:** d'oibrigh sé mar chaestóir le Sulla; d'éirigh sé ina chonsal sa bhliain 74 R.Ch.; throid sé in aghaidh Mithridates; baineadh a cheannas de mar cheannasaí; d'éirigh sé as chun saol na bhfuíoll a bheith aige. **Méidé:** iníon Aeetes; clú uirthi as ucht a cuid draíochta; thit sí i ngrá le hIasón; rinne seisean feall uirthi; mharaigh sí a páistí féin le tréan díoltais.

(e) Ginearál na Róimhe ba ea **Seartóirias**; throid sé sa Spáinn in éineacht le lucht tacaíochta Mhairias; d'eagraigh sé éirí amach i gcoinne na Róimhe; dhúnmharaigh a leifteanant Marcus Perpenna Vento é.

**3 B**

**(i) [60] Cuir Gaeilge air seo:**

Extemplo....membra **6**/ ingemit....refert **8**/ O....beati **3**/quis....oppetere **8**/ O....Tydide **5**/ mene....potuisse **6**/ tuaque....dextra **5**/ saevus....Sarpedon **7**/ ubi....volvit **12**.

**(ii) [30] Freagair trí cinn de na ceisteanna seo a leanas:**

(a) **5**+**5**
(b) **4**+**3**+**3** (Gach carachtar le lua)
(c) **5**+**5**
(d) cérbh **5**; cén chúis **5**
(e) (**3**+**2**) +(**3**+**2**)

**3 B (ii) Nótaí Táscacha**

**D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo**

(a) Tá Aeinéas seiftiúil – nuair a mharaíonn sé na carrianna chun a chuid fear a bheathú; tréithe láidre ceannaireachta – nuair a spreagann sé a chuid fear a bheith cróga cé go bhfuil siad i gcruachás; is féidir leis a bheith éiginnte anois is arís – nuair a impíonn sé ar Véineas teacht i gcabhair air.

(b) Bhí Díodó pósta le Sychaeus; bhí a deartháir Pygmalion ina rí ar an Tuír agus mharaigh sé Sychaeus, ach níor inis sé sin dá dheirfiúr; fuair Díodó amach faoin dúnmharú i mbrionglóid; theith sí leis na tacadóirí a raibh an ghráin acu ar Pygmalion.

(c) Ba é Eachtar laoch na Traí le linn Chogadh na Traí; mharaigh Aichill é; chuir Aichill poill ina chosa sula bhfuair sé bás agus tarraingíodh é ar chúl carbaid.

(d) B'ionann **Tydide** agus Diomede; throid sé i gcoinne Eachtair; throid sé i gcoinne Aeinéas freisin i gcomhrac aonair.

(e) **Priam:** rí na Traí le linn Chogadh na Traí; pósta le Hecuba; bhí leathchéad mac agus leathchéad iníon aige; mharaigh Piorras é. **Aeólas:** rí na ngaoth; léirítear é agus ríshlat ina lámh aige; rialaigh sé na gaotha ach iad a choinneáil i bpluaiseanna; d'iarr Iúnó air an stoirm a cheansú. **Tríotón:** dia na farraige; mac Neiptiúin; trumpadóir Neiptiúin; léirítear é agus é ag séideadh trumpa sliogáin. **Aichill:** mac Peleus agus Thetis; laoch ar thaobh na Gréige le linn Chogadh na Traí; creidtear go raibh sé an-fhíochmhar; mharaigh sé Eachtar.

**4.** **[30]**

(i) 4 ainmfhocal @ 2 mharc an ceann = iomlán **8**

(ii) **(2+1+1)** nó **(2+2)** le haghaidh trí bhriathar = iomlán **12**

(iii) Tuilleann gach troigh atá ceart 2 mharc go **10** ar a mhéad.

**5.** **[75] Freagair trí cinn de na ceisteanna seo a leanas. Ní mór ceist amháin a roghnú as gach roinn agus an tríú ceist as roinn ar bith.**

**A.**

(i) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**

(ii) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**

(iii) **(7+6)** agus **(6+6)** nó más pointí gairide iad **(4+3+3+3)** agus **(3+3+3+3)**

**Nótaí táscacha**

**N.B. d'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí thíos.**

**A.**

(i) **An Dara Tiúracht:** Bhuail Octáivian, Antóin agus Lepidus le chéile ar oileán in abhainn Po, bhuail siad le chéile chun an triúracht a shocrú; ritheadh rún oifigiúil sa comitia inar dearbhaíodh an socrú; bhí Antóin agus Octáivian le feachtas a dhéanamh i gcoinne Brutus agus Cassius; Bhí Ciceraó ina measc siúd a maraíodh sna heisreachtuithe; fuarthas an bua ar dhúnmharaithe Chaesair ag Filipe; tugadh an Afraic do Lepidus, ghlac Antóin ceannas san oirthear, d'fhan Octáivian san iarthar; bhuail Antóin le Cléópátra agus thit sé i ngrá léi; fuair Octáivian agus Lepidus an lámh in uachtar ar Sextus Pompeius; thug Lepidus iarraidh an tSicil a ghabháil dó féin agus baineadh amach go foirmiúil ón triúracht é.

(ii) **Réimeas Chláidias:** an dóigh ar tháinig sé i gcumhacht; drogallach; a fhoghlaim shuntasach; d'athnuaigh sé na haruspices; rinne sé oibreacha poiblí sa chuan ag Ostia; d'fhorbair sé seirbhís shibhialta leis na Saoirsigh a bhí i gceannas ar na hárasáin; leathnaigh siad an ceart vótála; bhunaigh sé coilíneachtaí; saol pearsanta Messalina/Agrippina; an cineál báis a fuair sé.

(iii) **Caligula:** thóg a athair Gearmánacas é i nDúiche na Réine; thacaigh Macro leis; thosaigh an rialú go maith; d'éirigh sé mórtasach faoi; cheap sé gur dhia a bhí ann; chuaigh sé ar fheachtais mhíleata an-amaideach chuig an nGearmáin agus chuig an mBreatain; rinne sé consal dá chapall; dúnmharaíodh é. **An Garda Praetóireach:** cuireadh ar bun é chun an t-impire a chosaint; lonnaithe i gcathair na Róimhe; d'imir sé ról an-ghníomhach in impirí a thoghadh agus a dhíbirt; cheap sé Cláidias nuair a bhí sé faoi bhagairt; d'fheallmharaigh sé Caligula; d'fhéadfadh Cinnirí an Gharda éirí ina ndaoine an-chumhachtach; Macro; Séánas.

**Títeas:** tháinig sé i gcomharba a athar Vespasian; an-mhealltach agus an-dathúil; bhain sé go leor úsáid as acmhainní; chuir sé an colasaem i gcrích; ní raibh mórán suime aige i rialú; scriosadh an Róimh le dóiteán mór le linn a réime; scriosadh Pompeii le brúchtadh Shliabh Veasúive; fuair sé bás ag aois daichead a haon.
**Tráian:** roghnaigh a réamhtheachtaí Nerva é mar impire; bhain sé sult as caidreamh maith leis an seanad agus leis an uasaicme; Decebalus a chloí sa chéad chogadh; síocháin a thabhairt i réim; an ceann is fearr ag na Dáiciaigh sa dara cogadh; gabháil na Dáicia; lonnaíocht na Dáicia; státaire iontach; thóg sé fóram nua agus roinnt séadchomharthaí eile; fuair sé bás in 117 AD.

**B.**

(i) Saol **(7+6)** nó más pointí gairide iad **(4+3+3+3)**; scríbhinní **(6+6)** nó más pointí gairide iad **(3+3+3+3)**

(ii) Cur síos **(7+6+6)** nó **(4+3+3+3+3+3) ;** Cur síos ar shampla **(6)** nó **(3+3)**

(iii) Dhá cheann ar bith: **(7+6)** nó **(4+3+3+3)**; **(6+6)** nó **(3+3+3+3)**

**Nótaí:**

**B**.

(i) **Caesar: a shaol-**comhalta de lucht pháirtí Marian, pósta ar Cornelia (a chéad phósadh), ghabh foghlaithe mara é; an Chéad Triúracht; feachtais sa Ghaill; cogadh cathartha i gcoinne Phoimpé; mar dheachtóir; an chaoi ar cailleadh é. **Oibreacha**-Cogaí Gallacha; Cogadh Cathartha

**Horáit: a shaol-**rugadh sa bhliain 65 R.Ch. é; fuair sé a chuid oideachais sa Róimh; throid sé leis na poblachtaigh ag cath Fhilipe; fuair sé amach ar a fhilleadh abhaile go raibh a chuid tailte coigistithe; ceapadh mar chléireach sa státchiste é; bhuail sé le Maecéanas agus tugadh feirm Sabine mar bhronntanas dó; d'éirigh sé ina fhile de chuid an Impire Ágastas. **Oibreacha-**Odes; Epodes; Carmen Saeculare; Epistles; stíl; teanga.

(ii) **Mósáicí:** ceann ar bith de na teicníochtaí éagsúla ar nós opus sectile; sampla ar nós mósáic Chogadh Isis nó Uaimh Canem.

(iii) **Ara Pacis:** choimisiúnaigh an seanad é i 13 R.Ch; Altóir le ballaí iata; bhí sé ina onóir do fhilleadh Ágastais chun na Róimhe; tógadh é in onóir na síochána a thug Ágastas chuig an impireacht; stíl na dealbhóireachta; radhairc ón na painéil; agus pearsana mór le rá taispeánta air-Ágastas, Iúilia.

**Colún Thráian**: tógadh é chun feachtais Dháiciacha Thráian a chomóradh; i bhfóram Thráian; taispeántar saighdiúirí air ag tógáil daingnithe; ag troid i gcoinne na Dáiciach; longa; crainn tabhaill agus trealamh léigir; bhí dealbh de Thráian ar an mbarr.

**Uiscerianta:** d'fhreastail siad ar os cionn milliún duine; úsáideadh grádáin nádúrtha iontu; úsáideadh píobáin ceirmeacha iontu; líneálacha uiscedhíonach; samplaí ar nós Pont du Gard.

**Amharclanna:** dearadh seachtrach; úsáid an stua; suíocháin; stáitse; cúlra; díonbhrat; sampla ar bith.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán